LEABHARLANN NÁISIÚNTA NA hÉIREANN

Is Fostóir Comhdheiseanna í Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

Leabhrán Faisnéise d'Iarrthóirí

Comórtas oscailte le haghaidh ceapachán chuig an bpost seo:

Cúntóir Oideachais i

Leabharlann Náisiúnta na hÉireann (2 phost)

1 x post buan lánaimseartha

1 x post páirtaimseartha (ar choibhéis lánaimseartha 0.6) ar théarma seasta 3 bliana

Dáta Deiridh: 3.00 p.m. an 30 Meán Fómhair 2019

Tá Leabharlann Náisiúnta na hÉireann tiomanta do bheartas comhdheise a leanúint

Déan teagmháil le: An tAonad Acmhainní Daonna

LEABHARLANN NÁISIÚNTA NA hÉIREANN

4 SRÁID CHILL DARA,

BAILE ÁTHA CLIATH 2.

Teileafón: (353) 1 6030200 - URL: www.nli.ie/vacancies

Faisnéis Chúlra

Is í Leabharlann Náisiúnta na hÉireann (NLI) an leabharlann taifid d'Éirinn. Bunaíodh Leabharlann Náisiúnta na hÉireann sa bhliain 1877. D'éirigh sí ina foras féinrialaitheach cultúir an 3 Bealtaine 2005 faoin Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997, agus tá Bord agus Stiúrthóir aici a fheidhmíonn faoi rialachas foriomlán an Bhoird. Tá an Bord comhdhéanta de chathaoirleach agus de 11 ghnáthchomhalta. Tuairiscíonn sé don Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. Fostaíonn an Leabharlann thart ar 90 ball foirne, a oibríonn chun cúig thosaíocht a chomhlíonadh faoinár straitéis reatha, atá i bhfeidhm ón mbliain 2016 go dtí an bhliain 2021, is iad sin: chun bailiú, cosaint, ceangal, nuáil agus comhoibriú.

Déanann Leabharlann Náisiúnta na hÉireann scéal na hÉireann a chomhroinnt leis an domhan trínár mbailiúcháin uathúla. Tugaimid aire do níos mó ná deich milliún mír, lena n-áirítear leabhair, lámhscríbhinní, nuachtáin, grianghraif, priontaí, léarscáileanna, líníochtaí, ábhar gearrshaolach, ceol agus meáin dhigiteacha. Tá suíomhanna na Leabharlainne i mBaile Átha Cliath, an Chartlann Náisiúnta Ghrianghrafadóireachta i mBarra an Teampaill san áireamh, ar oscailt saor in aisce do na daoine sin ar mhaith leo breathnú ar na bailiúcháin agus iad a scrúdú - trí sheomraí léitheoireachta atá ina nithe is díol spéise do chuairteoirí iontu féin, trí thaispeántais shaibhre ilchineálacha agus trí chlár poiblí gníomhach. Tá caifé gnóthach ina chuid dár dtairiscint do chuairteoirí ar ár bpríomhchampas ar Shráid Chill Dara. Tá tuilleadh faisnéise ar fáil ag www.nli.ie.

Forbhreathnú ar an ról

Reáchtálann an Leabharlann clár gnóthach lena soláthraítear turais, ceardlanna agus sraith imeachtaí poiblí do raon grúpaí leasmhara, agus í ag comhoibriú le roinnt páirtithe éagsúla agus ag tacú le trí spás taispeántais laistigh d'fhoirgnimh NLI. Reáchtálann sí clár for-rochtana seachtraí freisin. Agus é ag obair mar chuid d'fhoireann Taispeántas, Foghlama agus Clár NLI agus ag tuairisciú do Choimeádaithe Cúnta Ghrád 2, oibreoidh an t-iarrthóir rathúil laistigh den chlár leanúnach sin agus cuirfidh sé lena fhorbairt. Tá Cúntóirí Oideachais ríthábhachtach maidir le rannpháirtíocht phoiblí fhoireann Taispeántas, Foghlama agus Clár NLI a sholáthar.

Painéal

Féadfar painéil a bhunú bunaithe ar an gcomórtas seo, ar painéal é óna bhféadfaí aon fholúntais eile, idir fholúntais bhuana agus folúntais shealadacha, a thagann chun cinn a líonadh.

Dualgais agus freagrachtaí

Áirítear iad seo a leanas le príomhfhreagrachtaí an phoist faoi láthair:

- Turais threoraithe a sholáthar ar thaispeántais NLI;
- Taighde a dhéanamh ar Chlár na Scoileanna, ar an gClár do Leanaí agus do Theaghlaigh, agus ar an gClár Pobail agus Foghlama ar Feadh an tSaoil, agus na cláir sin a ullmhú, a sholáthar agus a mheasúnú;
- Páirt a ghlacadh sa chlár taispeántais ar fud thrí shuíomh taispeántais NLI agus ar líne;
- Tacú le taighde, profaí a léamh agus fíricí a sheiceáil;
- Rannchuidiú a dhéanamh maidir le tionscadail ar bhonn inmheánach agus i gcomhar le comhpháirtithe;
- Rannchuidiú a dhéanamh maidir le himeachtaí poiblí, le gníomhaíochtaí poiblí agus le rannpháirtíocht phoiblí agus iad a chomhordú agus a éascú;
- Cabhrú le spásanna poiblí a ullmhú do ghníomhaíochtaí cláir;

- Idirchaidreamh a dhéanamh le foireann fáilteachais maidir le gníomhaíochtaí agus le hacmhainní oideachais;
- Obair riaracháin a dhéanamh i dtaca le cláreagrú, le gníomhaíochtaí agus le tionscadail oideachais;
- Rannchuidiú a dhéanamh maidir le bileoga oibre, le leabhair ghníomhaíochta, le pacaí acmhainní agus le treoirlínte a tháirgeadh i bhformáid fhisiciúil agus dhigiteach;
- Rannchuidiú a dhéanamh maidir le clár imeachtaí a phleanáil;
- Gníomhaíochtaí na Leabharlainne a chur chun cinn ar fud ardáin éagsúla;
- Aon dualgais eile a mheasfaidh do bhainisteoir a bheith oiriúnach.

Bunriachtanais

- Eolas agus tuiscint ar an bhfoghlaim, ar na feidhmeanna a ghabhann le taispeántais agus ar chláreagrú atá dírithe ar lucht féachana;
- Taithí (íoctha nó dheonach) aon bhliana ar a laghad ar ról ina ndéileáiltear leis an bpobal san earnáil cultúir nó oidhreachta; nó taithí (íoctha nó dheonach) aon bhliana ar a laghad ar ról ina ndéantar taispeántais a ullmhú agus a shuiteáil san earnáil cultúir nó oidhreachta;
- Dea-eolas ar nuastair na hÉireann nó ar nualitríocht na hÉireann;
- Sárscileanna cumarsáide, lena n-áirítear an cumas chun ceardlanna agus turais a sholáthar agus chun faisnéis scríofa a chur in iúl ar bhealach beacht agus líofa;
- Sárscileanna TF – dea-eolas oibre ar Microsoft Office agus ar phacáistí eile bogearraí;
- Sárscileanna obair bhuíne, agus cumas cruthaithe chun dea-chaidreamh oibre a fhorbairt agus a choinneáil ar bun;
- Scileanna cruthaithe pleanála agus eagrúcháin, mar aon le cumas láidir chun freagracht a ghlacadh as d'obair féin agus torthaí á mbaint amach go héifeachtach, bheith féintuilleamaíoch agus úsáid chuí a bhaint as do thionscnamh, do bhreithiúnas agus do sholúbthacht féin chun feidhmiú ar ardleibhéal agus chun seirbhís ardchaighdeáin a chur ar fáil;
- Cumas chun obair le grúpaí éagsúla úsáideoirí Leabharlainne.

Tá na Príomhinniúlachtaí a theastaíonn chun feidhmiú go héifeachtach mar Chúntóir Oideachais leagtha amach in Aguisín 1.

Riachtanais Inmhianaithe:

- Cur amach ar na taispeántais ag Leabharlann Náisiúnta na hÉireann;
- Taithí ar imeachtaí a phleanáil;
- Taithí mar threoraí turais;
- Taithí phraiticiúil ar na meáin shóisialta amhail blagáil, Twitter, Facebook, agus feidhmchláir lena roinntear íomhánna;
- Líofacht labhartha agus scríofa sa Ghaeilge agus an cumas chun turais phoiblí idirghníomhacha a sholáthar as Gaeilge;
- Eolas ar Adobe Photoshop a úsáid;
- Taithí ar obair i gcomhar le dearthóirí grafaicí.

INCHÁILITHEACHT CHUN PÁIRT A GHLACADH SA CHOMÓRTAS AGUS SRIANTA ÁIRITHE AR INCHÁILITHEACHT

Náisiúnaigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch

Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt dá n-aire go bhfuil incháilitheacht chun páirt a ghlacadh sa chomórtas ar oscailt do shaoránaigh de chuid an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (LEE). Is é atá in LEE Ballstáit an Aontais

Eorpaigh mar aon leis an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua. Tá saoránaigh na hEilvéise incháilithe chun páirt a ghlacadh sa chomórtas freisin.

An Scéim Dreasachta Luathscoir (SDLS)

Is coinníoll é de chuid na Scéime Dreasachta Luathscoir (SDLS), mar a leagtar amach í i gCiorclán 12/09 ón Roinn Airgeadais, go bhfuil toirmeasc, faoin Scéim sin, ar dhaoine a scoir cur isteach ar phost eile san fhostaíocht chéanna nó san earnáil chéanna. Ní ceadmhach, mar sin, do dhaoine a scoir faoin scéim sin cur isteach ar an bpost seo.

Ciorclán ón Roinn Sláinte agus Leanaí (7/2010)

Tugadh isteach Scéim Luathscoir Shaorálaigh Spriocdhírithe (LSS) agus Scéimeanna Iomarcaíochta Saorálaí (SIS) le Ciorclán 7/2010 ón Roinn Sláinte dar dáta an 1 Samhain 2010. Is coinníoll de chuid scéim LSS é nach mbeidh daoine a bhaineann leas as an scéim incháilithe lena n-athfhostú san earnáil sláinte poiblí ná sa tseirbhís phoiblí i gcoitinne ná i gcomhlacht a mhaoinítear go hiomlán nó go formhór as airgead poiblí. Tá feidhm ag an toirmeasc céanna ar athfhostú faoi SIS, ach amháin gur toirmeasc go ceann tréimhse 7 mbliana an toirmeasc agus, ina dhiaidh sin, beidh ceadú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ag teastáil chun aon duine a athfhostú. Níl daoine a bhain leas as na scéimeanna sin incháilithe chun páirt a ghlacadh sa chomórtas seo.

Comhaontú Comhchoiteann: Íocaíochtaí Iomarcaíochta le Seirbhísigh Phoiblí

Rinneadh Comhaontú Comhchoiteann, ar thángthas air idir an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus Coiste Seirbhísí Poiblí Chomhdháil na gCeardchumann (ICTU) i ndáil le hÍocaíochtaí Iomarcaíochta ex-gratia le Seirbhísigh Phoiblí, agus a bhfuil éifeacht leis ón 1 Meitheamh 2012, a thabhairt isteach leis an litir ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chuig Oifigigh Phearsanra dar dáta an 28 Meitheamh 2012. Is coinníoll de chuid an Chomhaontaithe Chomhchoitinn é nach mbeidh daoine a bhaineann leas as an gcomhaontú incháilithe lena n-athfhostú sa tseirbhís phoiblí ag aon chomhlacht seirbhíse poiblí (mar a mhínítear é sna hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail, 2009 – 2011) go ceann tréimhse 2 bhliain tar éis an fhostaíocht a fhoirceannadh. Ina dhiaidh sin, beidh toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ag teastáil roimh dhuine a athfhostú. Beidh ar dhaoine a bhain leas as an scéim sin agus a n-éireoidh leo sa chomórtas seo a chruthú go bhfuil siad incháilithe (deireadh a bheith leis an tréimhse neamh-incháilitheachta) agus ní mór toiliú an Aire a fháil roimh iad a bheith fostaithe ag aon chomhlacht seirbhíse poiblí.

An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (Ciorclán LG (P) 06/2013)

Tugadh Scéim Iomarcaíochta Deonaí d'Údaráis Áitiúla isteach le Ciorclán LG (P) 06/2013 ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. De réir théarmaí an Chomhaontaithe Chomhchoitinn, Íocaíochtaí Iomarcaíochta le Seirbhísigh Phoiblí dar dáta an 28 Meitheamh 2012 mar atá sonraithe thuas, is coinníoll sonrach de chuid na Scéime Luathscoir Shaorálaigh nach mbeidh daoine incháilithe lena n-athfhostú in aon chomhlacht Seirbhíse Poiblí (de réir an tsainmhínithe sna hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail, 2009-2011, agus san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012) go ceann tréimhse 2 bhliain tar éis a ndáta imeachta faoin Scéim seo. Ina dhiaidh sin, beidh toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ag teastáil roimh dhuine a athfhostú. Tá feidhm ag na coinníollacha seo freisin i gcás fostaíochta ar bhonn conradh le haghaidh seirbhíse (mar chonraitheoir nó mar fhostaí de chuid conraitheora).

Sosanna Gairme

Faoi réir na riachtanais incháilitheachta a shásamh, tá an comórtas ar oscailt do bhaill foirne atá ar Shos Gairme, ar choinníoll go gcomhlíonann an Sos Gairme sin na forálacha atá i gCiorclán 04/2013 ón Roinn Airgeadais nó a socruithe iasachta.

Dearbhú

Ceanglófar ar iarratasóirí a dhearbhú ar bhain siad leas as scéim dreasachta luathscoir seirbhíse poiblí agus/nó as an gcomhaontú comhchoiteann a leagtar amach thuas. Ceanglófar freisin ar iarratasóirí aon teidil chun sochair phinsin Seirbhíse Poiblí (atá á íoc nó atá caomhnaithe) ó aon fhostaíocht Seirbhíse Poiblí eile a dhearbhú agus/nó é a dhearbhú sa chás go bhfuair siad íocaíocht ionaid i leith seirbhíse in aon fhostaíochta Seirbhíse Poiblí.

PRÍOMHCHOINNÍOLLACHA SEIRBHÍSE

PÁ: Is mar seo a leanas atá an scála pá a bhaineann leis an bpost (rátaí in éifeacht ón 1 Meán Fómhair 2019):

Ranníocaíocht Phearsanta Pinsin (RPP)

Beidh feidhm ag scála pá RPP sa chás gur státseirbhíseach nó seirbhíseach poiblí a ceapadh an 6 Aibreán 1995 nó ina dhiaidh atá sa cheapaí agus go gceanglaítear air Ranníocaíocht Phearsanta Pinsin a dhéanamh. Beidh feidhm aige freisin maidir le fostaithe buana nua agus le fostaithe neamhbhunaithe ar théarma seasta.

€459.65	€489.72	€497.36	€512.27	€534.27	€556.21	€578.16	€594.14	€615.29	€636.43	€651.32	€672.24	€693.04
€725.48	€750.99**A**	€762.68**B**										

A. *Tar éis seirbhís shásúil 3 bliana ar a mhéad*
B*. Tar éis seirbhís shásúil 6 bliana ar a mhéad*

Ranníocaíocht Neamhphearsanta Pinsin

Is mar seo a leanas atá an tuarastal Ranníocaíochta Neamhphearsanta Pinsin don phost (in éifeacht ón 1 Meán Fómhair 2019). Tá feidhm aige maidir le státseirbhísigh nó le seirbhísigh phoiblí reatha a earcaíodh roimh an 6 Aibreán 1995.

€473.46	€494.61	€508.53	€529.42	€550.26	€571.13	€586.11	€606.39	€626.47	€640.35	€660.14	€690.95	€715.19**A**	€726.35**B**

A. *Tar éis seirbhís shásúil 3 bliana ar a mhéad*
B*. Tar éis seirbhís shásúil 6 bliana ar a mhéad*

Cuirtear scálaí pá i bhfeidhm ar bhonn pro rata maidir le huaireanta páirtaimseartha.

Nóta Tábhachtach

Is ag bun an scála a thosófar agus ní bheidh an ráta luach saothair faoi réir idirbheartaíochta agus féadfar é a choigeartú ó am go ham de réir bheartas pá an Rialtais.

Féadfar breisíochtaí a íoc faoi réir feidhmíocht shásúil de réir Beartas reatha Rialtais (féach mír 5.1 de Chomhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí 2018-2020 le haghaidh athruithe le déanaí).

Is féidir go mbeidh téarmaí agus coinníollacha difriúla i bhfeidhm sa chás gur státseirbhíseach nó seirbhíseach poiblí san am i láthair atá sa cheapaí díreach sula gceapfar é.

Is trí Aistriú Ciste Leictreonaigh (ACL) i do rogha cuntas bainc ar bhonn seachtainiúil i riaráiste a íocfar an ráta pá a thairgfear. Ní féidir íocaíocht a dhéanamh go dtí go dtabharfaidh tú uimhir IBAN agus uimhir IBIC don Aonad Acmhainní Daonna.

Déanfar asbhaintí reachtúla ón tuarastal de réir mar is cuí.

Toileoidh tú go bhféadfar aon ró-íocaíocht tuarastail nó taistil agus cothabhála a bhaint as íocaíochtaí tuarastail a bheidh dlite duit sa todhchaí de réir an Achta um Íoc Pá, 1991. Cuirfear thú ar an eolas i scríbhinn maidir le méid agus mionsonraí na ró-íocaíochta sin agus tabharfar fógra aon seachtaine ar a laghad duit faoin asbhaint a bheidh le déanamh, rud a dhéanfar ag ráta a bheidh cothrom agus réasúnach ag féachaint do na himthosca go léir.

Tionacht

Post buan lánaimseartha:

Ceapfar an duine chuig post bunaithe i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann tar éis dó conradh promhaidh a mhairfidh bliain amháin ón dáta ceapacháin a chur i gcrích go rathúil. Ní bheidh aon chosc ann ar an tréimhse phromhaidh a fhadú i gcúinsí cuí. Le linn na tréimhse promhaidh, beidh feidhmíocht an cheapaí faoi réir athbhreithniú ag an mbainisteoir/na bainisteoirí iomchuí chun a chinneadh cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh maidir leis an gceapaí:

(i) gur fheidhmigh sé go sásúil

(ii) go raibh sé sásúil ó thaobh iompar ginearálta de

(iii) go bhfuil sé oiriúnach ó thaobh na sláinte de, go háirithe ag féachaint do shaoire bhreoiteachta.

Post páirtaimseartha (ar choibhéis lánaimseartha 0.6) ar théarma seasta 3 bliana:

Ceapfar an duine chuig post sealadach i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann tar éis dó conradh promhaidh a mhairfidh sé mhí ón dáta ceapacháin a chur i gcrích go rathúil. Ní bheidh aon chosc ann ar an tréimhse phromhaidh a fhadú i gcúinsí cuí. Le linn na tréimhse promhaidh, beidh feidhmíocht an cheapaí faoi réir athbhreithniú ag an mbainisteoir/na bainisteoirí iomchuí chun a chinneadh cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh maidir leis an gceapaí:

(i) gur fheidhmigh sé go sásúil

(ii) go raibh sé sásúil ó thaobh iompar ginearálta de

(iii) go bhfuil sé oiriúnach ó thaobh na sláinte de, go háirithe ag féachaint do shaoire bhreoiteachta.

Fostaíocht Sheachtrach

Ní fhéadfaidh an ceapaí dul i mbun cleachtadh príobháideach ná a bheith bainteach le haon ghnó seachtrach a thagann salach ar a dhualgais oifigiúla, a chuireann as d'fheidhmíocht nó a chuireann isteach ar a ionracas.

An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997

Beidh feidhm ag téarmaí an Achta um Eagrú Ama Oibre, 1997, maidir leis an bpost seo, de réir mar is cuí.

Láthair

Cé go mbeidh an t-iarrthóir rathúil lonnaithe ar dtús in áitreabh Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ar Shráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2, is féidir go mbeidh sé lonnaithe i gceann ar bith d'áitribh na Leabharlainne i mBaile Átha Cliath.

Uaireanta Freastail

Beidh uaireanta freastail mar a sheasfar iad ó am go chéile ach ní bheidh siad níos lú ná 43.25 uair chomhlán sa tseachtain ar an meán (37 n-uaire ghlana sa tseachtain) don phost lánaimseartha (agus ar bhonn *pro rata* don phost páirtaimseartha). Is é an tseachtain oibre ná an Luan go dtí an Satharn (43.25 uair). Cuid ríthábhachtach de théarmaí agus coinníollacha fostaíochta na ról seo mar Chúntóir Oideachais is ea freastal ar an Satharn agus sa tráthnóna, rud a chinntear de réir uainchláir.

Saoire Bhliantúil

22 lá oibre sa bhliain a bheidh sa liúntas saoire bliantúla, rud a mhéadófar go 23 lá oibre tar éis seirbhís 5 bliana, go 24 lá oibre tar éis seirbhís 10 mbliana, go 25 lá oibre tar éis seirbhís 12 bhliain agus go 26 lá oibre tar

éis seirbhís 14 bliana (agus ar bhonn *pro rata* don phost páirtaimseartha). Agus é faoi réir na ngnáthchoinníollacha maidir le saoire bhliantúil a dheonú, tá an liúntas sin bunaithe ar sheachtain cúig lá agus níl na gnáthlaethanta saoire poiblí ar áireamh ann.

Sláinte

Ní mór d'iarrthóir don oifig agus d'aon duine i seilbh na hoifige bheith láninniúil agus lánábalta tabhairt faoi na dualgais a ghabhann leis an oifig agus ní mór staid sláinte a bheith aige a thabharfadh le fios go bhfuil ionchas réasúnach ann go mbeidh sé in ann seirbhís éifeachtúil rialta a chur ar fáil.

Saoire Bhreoiteachta

De réir fhorálacha na gciorclán maidir le saoire bhreoiteachta, íocfar pá le linn saoire bhreoiteachta chuí-dheimhnithe ar bhonn pro rata, ar choinníoll nach mbeidh aon fhianaise ann go bhfuiltear míchumasach go buan le haghaidh seirbhíse.

Beidh ar oifigigh a bheidh ag íoc ÁSPC ar ráta Aicme A sainordú a shíniú a thabharfaidh údarás don Roinn Coimirce Sóisialaí sochair ar bith atá dlite faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh a íoc go díreach le Leabharlann Náisiúnta na hÉireann. Beidh íocaíocht le linn na breoiteachta faoi réir na héilimh riachtanacha a bheith á ndéanamh ag an oifigeach ar shochar árachais shóisialta don Roinn Coimirce Sóisialaí laistigh den teorainn riachtanach ama.

Aoisliúntas agus Scor

Déanfar na téarmaí agus na coinníollacha aoisliúntais cuí atá i réim i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann a thairiscint don iarrthóir rathúil an tráth a thairgfear ceapachán. Go ginearálta, agus seachas na hiarrthóirí a d'oibrigh i bpost inphinsin (téarmaí scéime neamhaonair) sa tseirbhís phoiblí sna 26 seachtaine sular ceapadh iad (féach mír d thíos), ciallaíonn sé sin ceapachán a bheith á thairiscint bunaithe ar bhallraíocht i Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí ("Scéim Aonair").

Is mar seo a leanas atá na príomhfhorálacha atá i bhfeidhm maidir le ballraíocht den Scéim Aonair:

a. **Aois Inphinsin**

Is é 66 bliana d'aois an aois íosta ag a bhfuil pinsean iníoctha (agus í ag méadú go 67 mbliana d'aois agus ansin go 68 mbliana d'aois i gcomhréir le hathruithe ar an aois le haghaidh an Phinsin Stáit).

b. **Aois Scoir**

Ní mór do bhaill den scéim dul ar scor ag 70 bliain d'aois.

c. **Lacáiste Pinsin**

Más rud é go raibh an ceapaí fostaithe roimhe seo sa Státseirbhís agus go bhfuil pinsean á fháil aige ón Státseirbhís, beidh na gnáthrialacha lacáiste i bhfeidhm. Más rud é go raibh an ceapaí fostaithe cheana féin sa Státseirbhís agus gur bronnadh pinsean air faoi shocruithe luathscoir shaorálaigh (seachas an Scéim Dreasachta Luathscoir (SDLS) nó Ciorclán 7/2010 ón Roinn Sláinte maidir le LSS/SIS, a fhágann nach bhfuil duine incháilithe le haghaidh an chomórtais, mar atá léirithe thuas), scoirfidh teideal chun an phinsin sin le héifeacht ó dháta an athcheapacháin. Déanfar socruithe speisialta, áfach, chun seirbhís roimhe sin de chuid an cheapaí a ríomh chun críocha aon aoisliúntais a bheidh an ceapaí i dteideal é a fháil sa todhchaí.

Má bhí an ceapaí fostaithe roimhe seo sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí, tabhair do d'aire go bhfuil foráil san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012, lena leathnaítear an lacáiste pinsin le haghaidh gach Státseirbhísigh agus gach Seirbhísigh Phoiblí a athcheaptar sa chás go mbíonn pinsean Seirbhíse Poiblí á íoc. Tháinig an fhoráil sin chun lacáiste a chur i bhfeidhm ar fud na seirbhíse poiblí i gcoitinne

in éifeacht an 1 Samhain 2012. **Is féidir go mbeidh impleachtaí pinsin aige sin ar dhuine ar bith a cheaptar chun an phoist seo a bhfuil pinsean ón Státseirbhís nó ón tSeirbhís Phoiblí á fháil aige faoi láthair nó a bhfuil pinsean ón Státseirbhís nó ón tSeirbhís Phoiblí a bheidh iníoctha le linn dó bheith fostaithe sa phost seo á choinneáil aige.**
Más rud é go raibh an ceapaí fostaithe roimhe seo sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí agus gur bronnadh pinsean air faoi shocruithe luathscoir shaorálaigh (seachas an Scéim Dreasachta Luathscoir (SDLS), Ciorclán 7/2010 ón Roinn Sláinte maidir le LSS/SIS nó Ciorclán LG(P) 06/2013 ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, a fhágann, mar a léirítear thuas, nach bhfuil duine incháilithe le haghaidh an chomórtais), scoirfidh teideal chun an phinsin sin le héifeacht ó dháta an athcheapacháin. Déanfar socruithe speisialta, áfach, chun seirbhís roimhe sin de chuid an cheapaí a ríomh chun críocha aon aoisliúntais a bheidh an ceapaí i dteideal é a fháil sa todhchaí.

- **Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí: An Roinn Oideachais agus Scileanna Ciorclán 102/2007**

Rinne an Roinn Oideachais agus Scileanna Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí a thabhairt isteach. Tá sé mar choinníoll de chuid na Scéime Luathscoir gurb amhlaidh, seachas sna cásanna a leagtar amach i míreanna 10.2 agus 10.3 den doiciméadacht ciorcláin iomchuí agus sna cásanna sin amháin, más rud é go nglacann múinteoir le luathscor faoi Shraitheanna 1, 2 nó 3 den scéim sin agus go bhfostaítear é/í in aon cháil i réimse ar bith san earnáil phoiblí, scoirfear láithreach de phinsean a íoc leis an duine sin faoin scéim. Tosófar arís ar íocaíochtaí pinsin, áfach, nuair a scoirfear den fhostaíocht sin nó ar an lá a shlánóidh an duine 60 bliain d'aois, cibé acu is déanaí, ach nuair a thosófar ar íocaíochtaí pinsin arís, beidh an pinsean bunaithe ar sheirbhís ináirithe iarbhír an duine mar mhúinteoir (i.e. ní chuirfear san áireamh na blianta breise a tugadh roimhe sin nuair a bheidh an íocaíocht pinsin á ríomh).

Scor de dheasca Easláinte

Tabhair faoi deara: sa chás gur scoir duine ó chomhlacht Státseirbhíse/Seirbhíse Poiblí mar gheall ar easláinte, d'fhéadfaí athbhreithniú a dhéanamh ar phinsean an duine sin ón bhfostaíocht sin de réir na rialacha a bhaineann le scor de bharr easláinte laistigh de scéim pinsean na fostaíochta sin.

d. **Iar-Sheirbhísigh Phoiblí**

Cé go bhfuil ballraíocht den Scéim Aonair, de réir mar atá leagtha amach sna míreanna roimhe seo, mar chuid de na téarmaí réamhshocraithe pinsin, is féidir nach mbainfidh sé sin le ceapaithe faoi leith. Tá tuilleadh sonraí maidir leis na coinníollacha lena rialaítear an bhfuil seirbhíseach poiblí ina bhall den Scéim Aonair nó nach bhfuil san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. Is é an príomhchás eisceachtúil, áfach (i gcomhthéacs an chomórtais seo agus go ginearálta), nach mbeadh iarrthóir rathúil a d'oibrigh ar bhonn inphinsin (téarmaí scéim neamhaonair) sa tseirbhís phoiblí laistigh de 26 seachtaine tar éis glacadh leis an bpost, mar bhall den Scéim Aonair de ghnáth. Sa chás sin, dhéanfaí ballraíocht den scéim pinsean do státseirbhísigh neamhbhunaithe ("Scéim Fostaithe Stáit Neamhbhunaithe") a thairiscint d'iarrthóir den chineál sin. Chiallódh sé sin go mbeadh na forálacha lacáiste ag (c) thuas i bhfeidhm agus, ina theannta sin, tá impleachtaí ann maidir le fabhrú pinsin de réir mar atá leagtha amach thíos:

e. **Fabhrú Pinsin**

Beidh feidhm ag teorainn 40 bliain leis an tseirbhís iomlán is féidir a áireamh i gcomhair pinsin i gcás go raibh duine ina bhall de níos mó ná scéim pinsean seirbhíse poiblí reatha amháin. Tháinig an teorainn 40 bliain sin i bhfeidhm, a bhfuil foráil ina leith san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012, an 28 Iúil 2012. Is féidir go mbeidh impleachtaí pinsin aige sin ar cheapaí ar bith a bhfuil cearta pinsin gnóthaithe aige i bpost sa tseirbhís phoiblí roimhe seo.

f. **Asbhaint a Bhaineann le Pinsean**

Tá an ceapachán seo faoi réir na hasbhainte a bhaineann le pinsean de réir an Achta um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail 2009.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil maidir le Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí le haghaidh Fostaithe sa tSeirbhís Phoiblí, féach an suíomh Gréasáin seo a leanas: http://www.per.gov.ie/pensions

Rúndacht, Caidreamh faoi Rún agus Caighdeáin Iompair:

Rúndacht Oifigiúil agus Ionracas

I rith théarma an chonartha, beidh ceapaí faoi réir fhorálacha an Achta um Rúin Oifigiúla, 1963, arna leasú leis na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003. Aontóidh an ceapaí nach nochtfaidh sé aon fhaisnéis rúnda do thríú páirtithe i rith na tréimhse fostaíochta ná ina diaidh.

Cód Caighdeán agus Iompraíochta na Státseirbhíse

Beidh an ceapaí faoi réir Chód Caighdeán agus Iompraíochta na Státseirbhíse.

Carachtar

Ní mór gur duine dea-charachtar é iarrthóir don oifig nó aon duine i seilbh na hoifige.

An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995

Beidh feidhm ag an Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, maidir leis an bhfostaíocht seo nuair is cuí.

Nóta tábhachtach:

Is iad sin thuas na príomhchoinníollacha seirbhíse agus níl sé beartaithe gur liosta cuimsitheach atá ann de na téarmaí agus de na coinníollacha fostaíochta ar fad a leagfar amach sa chonradh fostaíochta a chomhaontófar leis an iarrthóir rathúil.

PRÓISEAS AN CHOMÓRTAIS

An Fhoirm Iarratais a Chomhlánú

Ba cheart d'iarratasóirí a ndoiciméad Curriculum Vitae reatha, litir ina léireofar a spéis sa ról, agus ainm agus sonraí teagmhála beirt teistiméirí a chur isteach. **Sonraigh cé acu atá tú ag déanamh iarratas ar an bpost buan lánaimseartha, ag déanamh iarratas ar an bpost páirtaimseartha (ar choibhéis lánaimseartha 0.6) ar théarma seasta 3 bliana, nó ag déanamh iarratas ar an dá phost.**

Déanfar iarratasóirí a ghearrliostú bunaithe ar an bhfaisnéis atá ina ndoiciméad curriculum vitae. Is iad na hiarratasóirí atá freagrach as a bheith ar fáil don agallamh/do na trialacha ag an am agus ag an dáta atá sannta dóibh.

Forchoimeádann an Leabharlann an ceart chun aon fhiosruithe a mheasann sí a bheith riachtanach a dhéanamh faoi iarratasóir sula dtairgfidh sí post dó.

Ba cheart d'iarrthóirí **trí** chóip chrua dá n-iarratas a chur sa phost chuig an seoladh seo:

An tAonad Acmhainní Daonna
Leabharlann Náisiúnta na hÉireann
4 Sráid Chill Dara
Baile Átha Cliath 2
D02 A322;

á shonrú cé acu atá tú ag déanamh iarratas ar an bpost buan lánaimseartha, ag déanamh iarratas ar an bpost páirtaimseartha (ar choibhéis lánaimseartha 0.6) ar théarma seasta 3 bliana, nó ag déanamh iarratas ar an dá phost.

Dáta Deiridh

Is é 3:00 p.m. Dé Luain an 30 Meán Fómhair 2019 an dáta deiridh ar a nglacfar le hiarratais. **Cloífear go docht leis an dáta deiridh sin.**

Struchtúr an Chomórtais

Is é struchtúr an chomórtais ná agallamh leathstruchtúrtha bunaithe ar inniúlacht, áit a n-úsáidfear an fhaisnéis a cuireadh ar fáil tríd an bpróiseas iarratais agus a bhféachfar ar na hinniúlachtaí iomchuí a bhaineann leis an bpost. Is i mBéarla a dhéanfar na hagallaimh.

Gearrliostú

De ghnáth, is mó an líon iarratas a fhaightear le haghaidh poist ná an líon a theastaíonn chun folúntais reatha agus folúntais amach anseo sa phost sin a líonadh. Fiú amháin sa chás go gcomhlíonann iarrthóir riachtanais incháilitheachta an chomórtais, d'fhéadfadh an Leabharlann Náisiúnta a chinneadh nach ngairfí ach roinnt daoine chun agallaimh sa chás nach mbeadh sé praiticiúil agallamh a chur ar gach duine de bharr an lín atá ag déanamh iarratas ar an bpost. Chuige sin, déanann an Leabharlann Náisiúnta soláthar do phróiseas gearrliostúcháin a úsáid chun roghnú a dhéanamh ar ghrúpa daoine a mheasfar a bheith ar na daoine is oiriúnaí don phost tar éis na foirmeacha iarratais a scrúdú le haghaidh agallamh a chur orthu. Déanfaidh bord saineolaithe scrúdú ar na foirmeacha iarratais in aghaidh critéir réamhchinnte atá bunaithe ar riachtanais an phoist. Is é an bord sin a chinnfidh cé acu a chuirfear nó nach gcuirfear thú ar an ngearrliosta, agus breithniú á dhéanamh aige ar na hiarrthóirí eile a rinne iarratas ar an bpost. Ní hé sin le rá nach bhfuil na hiarrthóirí eile oiriúnach ná nach bhfuil siad in ann an post a dhéanamh. Ina ionad sin, táthar ag rá go meastar go bhfuil roinnt iarrthóirí ann a bhfuil cáilíochtaí níos fearr acu agus/nó go bhfuil taithí níos ábhartha acu, bunaithe ar a n-iarratas. Dá bhrí sin, tá sé le do leas féin cuntas mionsonraithe cruinn ar na cáilíochtaí/an taithí atá agat a chur ar fáil ar an bhfoirm iarratais.

Iarrthóireacht a mheas a bheith tarraingthe siar

Ní bheidh aon éileamh a thuilleadh ar a mbreithniú ag iarrthóirí nach soláthraíonn, má iarrtar a leithéid orthu, cibé fianaise a éilíonn Leabharlann Náisiúnta na hÉireann i dtaca le hábhar ar bith a bhaineann lena n-iarrthóireacht.

Nósanna Imeachta um Athbhreithniú i dtaca leis an bPróiseas Roghnúcháin

Déileáiltear le hiarrataí ar athbhreithniú de réir an *"Cód Cleachtais: Ceapacháin chun Post sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí"* arna fhoilsiú ag an gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí. Is féidir an Cód a rochtain ag www.cpsa.ie.

Breithneoidh Leabharlann Náisiúnta na hÉireann iarrataí ar athbhreithniú (arna seoladh chuig an Aonad Acmhainní Daonna) mar seo a leanas:-

- ní mór leas a bhaint as an bpróiseas neamhfhoirmiúil laistigh de 5 lá oibre tar éis an cinneadh tosaigh a fhógairt (Alt 7.8 den Chód) nó laistigh de 2 lá oibre tar éis cinneadh i dtaca le céim eatramhach a fháil (Alt 7.9 den Chód).
- Próiseas foirmiúil: ní mór iarraidh ar athbhreithniú a dhéanamh laistigh de 10 lá oibre ón tráth a fhaightear an fógra faoin gcinneadh tosaigh nó ní mór an iarraidh ar athbhreithniú a fháil laistigh de 4 lá oibre más ag céim eatramhach atá sé (Alt 7.13 den Chód).
- Féadfaidh an t-iarrthóir a iarraidh go ndéanfaidh eadránaí cinnidh athbhreithniú ar thoradh an athbhreithnithe thosaigh agus ba cheart iarraidh ina leith a dhéanamh laistigh de 7 lá oibre tar éis an toradh ar an athbhreithniú tosaigh a fháil (Alt 7.15 den Chód).

Pléitear in Alt 8 den Chód leis na Nósanna Imeachta Athbhreithniúcháin/Achomhairc i dtaca le líomhaintí gur sáraíodh an Cód Cleachtais.

Aiseolas d'Iarrthóirí

De réir phrionsabail an Chóid Chleachtais thuas, tá Leabharlann Náisiúnta na hÉireann tiomanta d'aiseolas soiléir sonrach fiúntach a chur ar fáil d'iarrthóirí. Chuige sin, is é beartas Leabharlann Náisiúnta na hÉireann aiseolas i scríbhinn a chur ar fáil d'iarrthóirí. Beidh na nithe seo i gceist leis an aiseolas: marcanna an iarrthóra ón gcomórtas, an marc a thagarmharcáil i gcomparáid le feidhmíocht na n-iarrthóirí eile agus nóta tráchta ón mbord measúnachta i dtaca le feidhmíocht fhoriomlán an iarrthóra faoi gach ceann de na ceannteidil inniúlachta.

Rochtain ar Fhaisnéis

Úsáidfidh an bord agallaimh na **TRÍ** chruachóip den ábhar iarratais. Ar chríochnú an chomórtais, coinneoidh an t-aonad acmhainní daonna cóip **AMHÁIN** agus scriosfar an **DÁ** chóip eile. Beidh feidhm ag na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 - 2018.

Aguisín 1

INNIÚLACHTAÍ DON PHOST MAR CHÚNTÓIR OIDEACHAIS
Obair bhuíne
• Tugann sé urraim do chomhghleacaithe agus do chomhoibrithe • Déanann sé dea-chaidreamh oibre le daoine eile a fhorbairt agus a chothú agus comhroinneann sé faisnéis agus eolas de réir mar is cuí • Tairgeann sé a smaointe agus a dhearcthaí féin • Tuigeann sé a ról féin san fhoireann agus déanann sé a dhícheall cur léi
Bainistíocht / Próiseáil Faisnéise
• Tugann sé faoin obair ar fad ar bhealach críochnúil eagraithe agus soláthraíonn sé í ar an mbealach sin • Leanann sé nósanna imeachta agus prótacail, agus tuiscint a bheith aige ar a luach agus ar an mbunús atá leo • Coimeádann sé taifid ardcháilíochta a fhéadann daoine eile a thuiscint go réidh • Baineann sé tátail chuí as faisnéis • Molann sé dóigheanna nua le nithe a dhéanamh ar bhealach níos fearr agus níos éifeachtúla • Tá sé compordach oibriú le cineálacha difriúla faisnéise, e.g. faisnéis scríofa, faisnéis uimhriúil, cairteacha, etc.
Torthaí a Sholáthar
• Glacann sé freagracht as obair agus coinníonn sé léi go dtí an chéad leibhéal cuí eile • Cuireann sé obair i gcrích go tráthúil • Oireann sé go mear do bhealaí nua le hobair a dhéanamh • Seiceálann sé an obair ar fad go críochnúil chun a chinntiú go bhfuil sí curtha i gcrích ar chaighdeán ard • Aithníonn agus tuigeann sé an phráinn agus an tábhacht a bhaineann le tascanna difriúla • Taispeánann sé tionscnaíocht agus solúbthacht agus é ag cinntiú go soláthraítear an obair • Tá sé féintuilleamaíoch agus úsáideann sé breithiúnas i dtaca le cén uair a iarrfaidh sé treoir ó bhainisteoir nó ó chomhghleacaithe
Scileanna maidir le Seirbhís do Chustaiméirí agus Scileanna Cumarsáide
• Éisteann sé go gníomhach le daoine eile agus féachann sé lena dtuairimí/ lena ndualgais/ lena riachtanais a thuiscint • Tuigeann sé na céimeanna agus na próisis nach mór do chustaiméirí dul tríothu agus is féidir leis iad a mhíniú go soiléir • Tá sé urramach, cúirtéiseach agus gairmiúil agus coinníonn sé guaim air féin, fiú i ndálaí dúshlánacha • Déanann sé cumarsáid shoiléir agus líofa ó bhéal agus i scríbhinn • Tá cumas aige Leabharlann Náisiúnta na hÉireann a chur chun cinn ar fud cláir éagsúla
Treallús agus Tiomantas
• Déanann sé dianiarracht sheasmhach ardleibhéal feidhmíochta a bhaint amach agus seirbhís ardcháilíochta a sholáthar • Tá sé críochnúil coinsiasach, fiú nuair a bhíonn gnáthobair i gceist • Tá sé athléimneach agus léiríonn sé buanseasmhacht in aghaidh dúshlán agus nithe a chuireann cúl air • Is duine ionraic iontaofa é • Gníomhaíonn sé go hionraic i gcónaí
Saineolas, Oilteacht agus Féinfhorbairt
• Déanann sé forbairt agus coinneáil ar na scileanna agus an saineolas a theastaíonn chun feidhmiú go héifeachtach sa ról, e.g. cineálacha ábhartha teicneolaíochta, córais TF, beartais ábhartha, etc. • Inniúlacht i Microsoft Office agus i bpacáistí eile bogearraí

- Tá tuiscint shoiléir aige ar an ról, ar na cuspóirí agus ar na spriocanna agus conas a thagann siad le hobair an aonaid
- Tá sé tiomanta d'fhéinfhorbairt agus féachann sé lena fheidhmíocht phearsanta féin a fheabhsú i gcónaí